# Fiosrúchán maidir leis an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla)

### (IN-19-10-1)

### Dáta an Chinnidh: 7 Aibreán 2020

Cuireadh tús leis an fhiosrúchán seo maidir le trí shárú ar shonraí pearsanta a chuir Tusla in iúl don DPC. Tharla na trí shárú ar shonraí pearsanta in imthosca inar theip ar Tusla sonraí pearsanta a leasú agus iad ag soláthar doiciméid do thríú páirtithe. Tharla an chéad sárú ar shonraí pearsanta nuair a sholáthar Tusla, de thimpiste, seoladh cúramóra altrama d'athair beirt leanbh a bhí i gcúram. Tharla an dara sárú ar shonraí pearsanta nuair a sholáthar Tusla, de thimpiste, seoladh an linbh a rinne an gearán do dhuine aonair a raibh mí-úsáid ghnéis ar an leanbh curtha ina leith agus uimhir theileafón na máthar. Tharla an tríú sárú ar shonraí pearsanta nuair a sholáthar Tusla, de thimpiste, seoladh agus mionsonraí teagmhála tuismitheoirí altrama do sheanmháthair leanbh a bhí faoi chúram agus suíomh scoile an linbh.

- De réir an chinnidh, sháraigh Tusla Airteagal 32(1) den GDPR nuair nár cuireadh na bearta eagraíochtúla cuí i bhfeidhm le leibhéal slándála cuí a chinntiú i leith an riosca a chuir próiseáil a shonraí pearsanta i láthair maidir le doiciméid a chomhroinnt le tríú páirtithe.

- De réir an chinnidh freisin, sháraigh Tusla Airteagal 33(1) de GDPR mar gheall nár chuir siad an tríú sárú in iúl don DPC gan mhoill mhíchuí.

## Na cumhachtaí ceartaitheacha a cuireadh i bhfeidhm

- Forchuireadh, leis an gcinneadh, fíneáil riaracháin de €75,000 ar Tusla mar gheall ar sháruithe Airteagal 32(1) agus Airteagal 33(1).
- Tugadh ordú, leis an gcinneadh, do Tusla oibríochtaí próiseála a cuid sonraí pearsanta a chur ar bhonn comhlíonta le hAirteagal 32(1) de GDPR trí bhearta eagraíochtúla cuí a chur i bhfeidhm le leibhéal slándála cuí i leith an riosca a chinntiú.
- Eisíodh, leis an gcinneadh, iomarduithe maidir le sáruithe Airteagal 32(1) agus Airteagal 33(1) den GDPR do Tusla.